# Máire agus Cathal ag caint

1. **Tá Máire agus Cathal ag déanamh plé ar na cineálacha caitheamh aimsire atá acu sa rang Gaeilge. Sula léann tú an comhrá déan iarracht na focail Ghaeilge ar chlé a mheaitseáil leis na focail Bhéarla ar dheis.**

| | |
|---|---|
| **1.** cois farraige | a. you live |
| **2.** gach deireadh seachtaine | b. I don't watch |
| **3.** Ní fhéachaim | c. by the sea |
| **4.** an nuacht | d. in the summer |
| **5.** sa samhradh | e. the news |
| **6.** Tá tú i do chónaí | f. every weekend |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

2. **Anois, léigh an comhrá agus roghnaigh an abairt cheart (1-9) ón mbosca thíos chun an comhrá a chríochnú. Bí cúramach – ní bhainfidh tú úsáid as gach abairt atá sa bhosca.**

**Máire:** Anois, inis dom, an maith leat spórt?

**Cathal: (…….)**

**Máire:** Agus an imríonn tú rugbaí?

**Cathal: (…….)**

**Máire:** Agus an maith leat ceol?

**Cathal: (…….)**

**Máire:** Cén áit a mbíonn tú ag seinm?

**Cathal: (…….)**

**Máire:** Ó go deas. Agus cad faoin teilifís?

**Cathal: (…….)**

**Máire:** Anois, tá tú i do chónaí cois farraige? An dtéann tú ag snámh?

**Cathal: (…….)**

1) Téim go minic sa samhradh. Is breá liom é.

2) Is maith liom an nuacht, ach sin an méid.

3) Is fuath liom ceol.

4) Ní imrím leadóg.

5) Is breá liom spórt. Imrím sacar le cairde gach deireadh seachtaine.

6) Imrím, anois is arís.

7) Ní fhéachaim.

8) Éistim le ceol ar an raidió agus seinnim an giotár

9) I dteach tábhairne beag istigh i nGaillimh.